



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0276(NLE)

12512/22
ADD 1

CCG 38

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	15 Meán Fómhair 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 455 final Iarscríbhinn
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leagfar síos an seasamh atá le glacadh ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gcinneadh na Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú Leo go hOifigiúil chun raon feidhme an Chomhaontaithe Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Fuinneamh In-athnuaite, Maolú ar an Athrú Aeráide agus Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Tionscadail Uisce

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 455 final Iarscríbhinn.

Faoi iamh: COM(2022) 455 final Iarscríbhinn



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 15.9.2022
COM(2022) 455 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

lena leagfar síos an seasamh atá le glacadh ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gcinneadh na Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú Leo go hOifigiúil chun raon feidhme an Chomhaontaithe Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Fuinneamh In-athnuaite, Maolú ar an Athrú Aeráide agus Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Tionscadail Uisce

IARSCRÍBHINN

TOGRA

Is é seasamh atá ag an Aontas Eorpach tacú leis na hathruithe atá beartaithe ar an gComhaontú Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Fuinneamh In-Athnuaite, Maolú ar an Athrú Aeráide agus Oiriúnú Dó agus Tionscadail Uisce a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

Is éard atá i gceist leis sin athruithe ar na forálacha atá ann cheana. Chuirfí na hairteagail a leagtar amach thíos in ionad na bhforálacha reatha sa Socrú, agus dá bharr sin scriosfaí Airteagail 2 agus 4 ina n-iomláine, agus scriosfaí Foscríbhinní I agus II atá ann faoi láthair agus chuirfí Foscríbhinn I athbhreithnithe, atá thíos, ina n-ionad.

IARSCRÍBHINN IV: AN COMHAONTÚ EARNÁLA MAIDIR LE CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN LE hAGHAIDH AN FHUINNIMH IN-ATHNUAITE, AN MHAOLAITHE AR AN ATHRÚ AERÁIDE AGUS AN OIRIÚNAITHE DON ATHRÚ SIN, AGUS TIONSCADAIL UISCE

Is é is cuspóir don Chomhaontú Earnála seo téarmaí agus coinníollacha airgeadais leordhóthanacha a sholáthar do thionscadail in earnálacha roghnaithe a shainithnítear, lena n-áirítear faoi thionscnaimh idirnáisiúnta, mar thionscadail a rannchuidíonn go suntasach leis an maolú ar an athrú aeráide, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite, laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) agus tionscadail ardéifeachtúlachta fuinnimh, oiriúnú don athrú aeráide, chomh maith le tionscadail uisce. Aontaíonn na Rannpháirtithe sa Chomhaontú Earnála seo go gcuirfear na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais a bhaineann leis an Tuiscint Earnála, a lena gcomhlánaítear an Socrú, chun feidhme ar bhealach atá comhsheasmhach le Cuspóir an tSocráithe.

CAIBIDIL I: RAON FEIDHME AN CHOMHAONTAITHE EARNÁLA

- 1. RAON FEIDHME CHUR I bhFEIDHM LE hAGHAIDH MAOLÚ AR AN ATHRÚ AERÁIDE ATÁ INCHÁILITHE d'FHOSCRÍBHINN I**
 - a. Leagtar amach sa Chomhaontú Earnála seo na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais a bhfuil feidhm acu maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus a bhaineann le conarthaí in earnáil a liostaítear i bhFoscríbhinn I den Tuiscint Earnála seo.
 - b. Bainfidh na conarthaí sin le honnmhairiú tionscadal iomlán nó codanna díobh, ina mbeidh na comhpháirteanna, an trealamh, na hábhair agus na seirbhísí go léir (lena n-áirítear oiliúint an phearsanra) a theastaíonn go díreach chun tionscadal inaitheanta a fhoirgníú agus a choimisiúnú, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:
 1. Bíonn astaíochtaí carbóin ísle nó nialasacha, nó coibhéis CO₂ íseal nó nialasach agus/nó ardéifeachtúlacht mar thoradh ar an tionscadal;
 2. Ba cheart an tionscadal a dhearadh chun na caighdeáin feidhmíochta mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn I a chomhlíonadh ar a laghad; agus
 3. Na téarmaí agus na coinníollacha a chuirfear ar fáil, ní leathnófar iad ach amháin chun aghaidh a thabhairt ar na míbhuntáistí airgeadais sonracha a thagann aníos i dtionscadal, agus bunófar na téarmaí agus na coinníollacha sin ar na riachtanais airgeadais aonair agus ar na dálaí margaidh sonracha le haghaidh gach tionscadail.

- c. Le haghaidh conarthaí in earnálacha incháilithe a liostaítear i bhFoscscríbhinn I, Aicme Tionscadail 1, leagtar amach sa Chomhaontú Earnála seo na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais a bhfuil feidhm acu maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus a bhaineann le conarthaí sna hearnálacha incháilithe a liostaítear i bhFoscscríbhinn I, Aicme Tionscadail 1 den Tuisceint Earnála seo don mhéid seo a leanas:
1. Gléasraí fuinnimh in-athnuaite iomlána nó codanna díobh a onnmhairiú, ina mbeidh na comhpháirteanna, an trealamh, na hábhair agus na seirbhísí go léir (lena n-áirítear oiliúint an phearsanra) a theastaíonn go díreach chun gléasraí den sórt sin a fhoirgniú agus a choimisiúnú.
 2. Nuachóiriú ar ghléasraí fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana i gcásanna inar dócha go gcuirfear síneadh le ré eacnamaíoch an ghléasra a bheidh chomh fada le tréimhse na haisíocaíochta atá le tabhairt ar a laghad. Mura gcomhlíontar an critéar sin, beidh feidhm ag téarmaí an tSocraithe.
- d. Níl feidhm ag an gComhaontú Earnála seo maidir le nithe atá suite lasmuigh de theorainn shuíomh an ghléasra cumhachta a mbíonn an ceannaitheoir freagrach as de ghnáth, go háirithe soláthar uisce nach bhfuil nasctha go díreach leis an ngléasra táirgthe cumhachta, costais a bhaineann le forbairt talún, bóithre, sráidbhailte foirgníochta, línte cumhachta agus lasc-chlós, chomh maith le costais a eascraíonn as nósanna imeachta um fhaomhadh oifigiúil (e.g. ceadanna láithreáin, cead tógála) i dtír an cheannaitheora, ach amháin:
1. I gcásanna inarb ionann ceannaitheoir an lasc-chlóis agus ceannaitheoir an ghléasra cumhachta, agus go dtugtar an Conradh i gcrích i ndáil leis an lasc-chlós bunaidh don ghléasra cumhachta sin, ní sháróidh na téarmaí agus na coinníollacha don lasc-chlós bunaidh na téarmaí agus na coinníollacha siúd don ghléasra cumhachta fuinnimh in-athnuaite; agus
 2. Na téarmaí agus na coinníollacha d'fhostáisiúin, do chlaochladáin agus do línte tarchuir ag a bhfuil tairseach íosta voltais de 60kV atá suite lasmuigh de theorainn shuíomh an ghléasra cumhachta fuinnimh in-athnuaite, ní bheidh siad níos flaitiúla ná iad siúd don ghléasra cumhachta fuinnimh in-athnuaite.

[...]

CAIBIDIL II: FORÁLACHA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN

4. TÉARMAÍ UASTA AISÍOCAÍOCHTA

Le haghaidh creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a bhaineann le conarthaí sna hearnálacha a liostaítear i bhFoscscríbhinn I, is é an téarma uasta aisíocaíochta **25** bliana.

[...]

CAIBIDIL III: NÓSANNA IMEACHTA

5. FÓGRA ROIMH RÉ

- a. Aon Rannpháirtí a bhfuil sé i gceist aige tacaíocht a thabhairt i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe Earnála seo, tabharfaidh sé réamhfhógra 10 lá féilire ar a laghad roimh aon cheanglas a eisiúint, i gcomhréir le hAirteagal 45 den Socrú.

- b. Áireofar ar réamhfhógraí den sórt sin tuairisc chuimsitheach ar an tionscadal chun a léiriú conas a chomhlíonann an tionscadal na critéir thacaíochta mar a leagtar amach in Airteagal 1 nó 2 den Chomhaontú Earnála seo.
- c. Maidir le tionscadail arna dtacú i gcomhréir le Foscríbhinn II den Chomhaontú Earnála seo, áireofar ar réamhfhógra den sórt sin faisnéis faoi na caighdeáin theicniúla nó feidhmíochta atá á gcur i bhfeidhm, chomh maith leis na lagduithe astaíochtaí a bhfuil coinne leo.
- d. Maidir le tionscadail arna dtacú i gcomhréir le Foscríbhinn II den Chomhaontú Earnála seo, áireofar ar réamhfhógra den sórt sin an toradh ó aon athbhreithniú tríú páirtí neamhspleách.

CAIBIDIL IV: FAIREACHÁN AGUS ATHBHREITHNIÚ

6. OBAIR AMACH ANSEO

Comhaontaíonn na Rannpháirtithe le scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna seo a leanas:

- a. Prémheanna riosca coigeartaithe ar bhonn téarma.
- b. Coinníollacha le haghaidh gléasraí cumhachta breosla iontaise a bhfuil astaíochtaí ísle/ardéifeachtúlacht fuinnimh acu lena n-áirítear an sainmhíniú ar ullmhacht i dtaca le gabháil agus stóráil carbóin (CCS).
- c. Foirgnimh atá neodrach ó thaobh fuinnimh.
- d. Tionscadail breosla-chille.
- e. Caighdeáin astaíochtaí
- f. Cuntasaíocht agus tuairisciú astaíochtaí
- g. Iompar uisce astaíochtaí ísle

7. FAIREACHÁN AGUS ATHBHREITHNIÚ

- a. Tabharfaidh an Rúnaíocht tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Earnála seo. Déanfar torthaí ó aon nós imeachta plé faoi Airteagal 45 den Socrú a dhoiciméadú sa tuarascáil sin. Áireofar inti achoimre a chuirfear ar fáil don phobal.
- b. Déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú go rialta ar raon feidhme agus ar fhorálacha an Chomhaontaithe Earnála seo. Ar mhaithe le tuilleadh deimhneachta, cuirfear athbhreithniú i gcrích roimh dheireadh 2028 nó tar éis 50 idirbheart CCSU, cé acu is túisce a tharlóidh. Beidh an t-athbhreithniú sin bunaithe ar an gcorpas taithí a fuarthas ón bpróiseas maidir le fógra a thabhairt agus ó mheasúnú ar na dálaí margaidh le haghaidh teicneolaíochtaí a bhaineann leis an aeráid.

FOSCRÍBHINN I: CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA LE HAGHAIDH TIONSCADAIL UM MAOLÚ AR AN ATHRÚ AERÁIDE

Aicme agus Cineál an Tionscadail	Sainmhíniú	An Réasúnaíocht	Caighdeáin	Téarmaí sainiúla
AICME TIONSCADAIL A: Táirgeadh leictreachais inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de <i>[Lena n-áirítear inneachar beacht Airteagal 1 agus Foscríbhinn I atá ann faoi láthair, chomh maith le táirgeadh leictreachais ó hidrigin.]</i>				

CINEÁL 1: Tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite	<p><i>Raon feidhme Airteagal 1 agus Fhoscríbhinn I atá ann faoi láthair. Ní shamhlaimid go bhféadfaí Foscríbhinn I a chóipeáil agus a ghreamú sa bhosca 'Sainmhíniú' go díreach, toisc gur in Airteagal 1 atá an sainmhíniú iarbhir ar thionscadail incháilithe, ach maidir le comhábhar, tá sé beartaithe againn machnamh a dhéanamh anseo ar raon feidhme Airteagal 1 agus Fhoscríbhinn I atá ann faoi láthair, gan athrú ar bith ar an tsubstaint (i.e. easpa caighdeán, ní bhaineann) agus na coigeartuithe riachtanacha de chineál foirmiúil ar an téacs.</i></p>			
CINEÁL 2: Táirgeadh leictreachais ó bhreoslaí gásacha agus leachtacha de thionscnamh in-athnuaite, lena n-áirítear hidrigin ghlan	<p>Saoráidí giniúna leictreachais a fhoirgníú agus a oibriú lena dtáirgtear leictreachas agus breoslaí gásacha agus leachtacha ó fhoirse in-athnuaite á n-úsáid, lena n-áirítear hidrigin ghlan.</p>	<p>Táirgeadh leictreachais astaíochtaí GCT ísle.</p>	<p>Tá astaíochtaí saolré GCT ó leictreachas a ghiniúint níos ísle ná 100gCO₂e/kWh. Ba cheart astaíochtaí saolré GCT a ríomh bunaithe ar shonraí a bhaineann go sonrach le tionscadal, trí úsáid a bhaint as ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018, agus atá fíoraithe ag tríú páirtí.</p> <p>Ag céim an fhoirgnithe, suiteáiltear trealamh tomhais chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí fisiceacha, amhail sceitheadh meatáin, tráth na foirgníochta, nó tugtar isteach clár chun sceitheadh a bhrath agus a dheisiú; nó ag céim na hoibriochta, tuairiscítear tomhas fisiceach astaíochtaí agus cuirtear deireadh leis an sceitheadh.</p>	<p>25 bliana. <i>[Le plé]</i></p>
<p>AICME TIONSCADAIL B: Tionscadail maidir le feabhsú i ngléasraí breosla iontaise, ionadú breoslaí iontaise <i>[Inneachar beacht Fhoscríbhinn II, aicme tionscadail A, cineál 1, agus aicme tionscadail B. Tugaimid dár n-aire gur cheart athuimhriú aicme tionscadail A, cineál 1 a léiriú sa Socrú, Airteagal 6 c.)]</i></p>				
<p><i>Cóipeáil agus greamaigh inneachar reatha Fhoscríbhinn II, aicme tionscadail A, cineál 1, agus aicme tionscadail B.</i></p> <p><i>Mínte: Molaimid go ndéanfaí aicme tionscadail A a dheighilt ina dhá chuid, ionas go mbeidh idirdhealú soiléir idir tionscadail CCUS (a mbíonn go leor feidhmeanna acu, ní amháin in earnáil an fhuinnimh, ach sa mhonaraíocht freisin, agus atá aistriú ag againn go dtí aicme tionscadail D) agus tionscadail atá dírithe ar ghiniúint leictreachais ó bhreoslaí iontaise (atáimid a mholadh go gcuirfí iad uile le chéile in aicme tionscadail B). Chuir an tAontas in iúl roimhe go raibh gá le nuashonrú a dhéanamh ar na caighdeáin reatha sa roinn seo, ach féadfaimid a rá faoi láthair go dtabharfar aghaidh air sin níos déanaí le linn an phlé.</i></p>				
<p>AICME TIONSCADAIL C: Éifeachtúlacht fuinnimh <i>[Inneachar beacht Fhoscríbhinn II, aicme tionscadail C.]</i></p>				
<p><i>Cóipeáil agus greamaigh inneachar reatha Fhoscríbhinn II, aicme tionscadail C.</i></p>				
<p>AICME TIONSCADAIL D: Gabháil, úsáid agus stóráil CO₂ <i>[Raon feidhme Fhoscríbhinn II atá ann faoi láthair, aicme tionscadail A, cineál 2. Sa chuid seo molaimid go ndéanfaí nuashonrú ar chaighdeáin, chun a léiriú gur príomhtheicneolaíocht é CCUS chun astaíochtaí GCT a laghdú ina lán feidhmeanna tionsclaíocha agus níor cheart na caighdeáin a bheith dírithe ar ráta gabhála ach ar éifeachtacht na gabhála, rud a fhágann gur cheart go mbeadh tionscadail CCUS incháilithe do dhreasachtaí fiú má bhíonn an ráta gabhála íseal. Is é an réasúnaíocht a thugtar do na caighdeáin nua atá beartaithe gur féidir le sceitheadh CO₂ dochar a dhéanamh do luach CCUS mar rogha maolúcháin. Dá bhrí sin ba cheart faireachán a spreagadh trí fhorálacha beartais.]</i></p>				
CINEÁL 1: Tionscadail CCUS (Gabháil, Úsáid agus Stóráil Carbóin) iontu féin	<p>Foirgníú agus oibriú saoráidí a sholáthraíonn Gabháil, Úsáid agus/nó Stóráil Carbóin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann go díreach le hiompar agus bonneagar atá riachtanach don oibriú, amhail</p>	<p><i>Cóipeáil agus greamaigh inneachar Fhoscríbhinn II atá ann faoi láthair, aicme tionscadail A,</i></p>	<p>Déantar CO₂ a iompar ón ngléasra ina bhfuil sí gafa chuig an bpointe insteallta ach ní bhíonn sceitheadh CO₂ mar thoradh air sin os cionn 0.5 % de mhais CO₂ a dhéantar a iompar.</p>	<p><i>Cóipeáil agus greamaigh inneachar Fhoscríbhinn II atá ann faoi láthair,</i></p>

	feithiclí agus longa.	<i>cineál 2.</i>	I gcás ina mbíonn iompar agus/nó stóráil CO ₂ i gceist, bíonn córais iomchuí maidir le brath sceití i bhfeidhm, agus déanann na húdaráis náisiúnta nó tríú páirtí neamhspleách tuarascálacha rialta a fhíorú. Comhlíonann stóráil gheolaíoch CO ₂ ISO 27914:2017.	<i>aicme tionscadail A, cineál 2.</i>
AICME TIONSCADAIL E: Stóráil leictreachais				
CINEÁL 1: Saoráidí stórála leictreachais	Saoráidí a fhoirgníú agus a oibriú lena ndéantar leictreachas a stóráil agus a chur ar ais i bhfoirm leictreachais. San áireamh leis sin tá taisce hidreachumhachta pumpála.	Le stóráil leictreachais bítear in ann níos mó foinsí in-athnuaite a chur ar fáil agus bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an éileamh ar an eangach.	Má áirítear leis an ngníomhaíocht stóráil fuinnimh cheimicigh, comhlíonann an meán stórála (hidrigin nó amóinia) caighdeán CCSU le haghaidh an tairge comhfhreagrach a mhonarú go glan.	25 bliana. <i>[Le plé]</i>
CINEÁL 2: Ceallraí a tháirgeadh agus a athchúrsáil	Monarú ceallraí in-athluchtaithe, chomh maith le pacáistí ceallraí agus taisc-cheallraí le haghaidh iompair, stóráil fuinnimh do-aistrithe agus eiseangaí agus feidhmeanna tionsclaíocha eile. Áirítear leis sin monarú comhphárteanna faoi seach (ábhair ghníomhacha ceallraí, cealla ceallraí, cásálacha agus comhphárteanna leictreonacha). Athchúrsáil ceallraí deireadh ré.	Is cumasóir tábhachtach iad ceallraí le haghaidh stóráil leictreachais, agus iompar ísealcharbóin.	Níl caighdeán ar bith ann. Ní bhaineann le hábhar.	25 bliana. <i>[Le plé]</i>
AICME TIONSCADAIL F: Tarchur agus dáileadh leictreachais ísealcharbóin				
CINEÁL 1: Tarchur agus dáileadh leictreachais ísealcharbóin	Foirgníú, leathnú agus oibriú saoráidí lena n-iompraítear leictreachas ísealcharbóin. Áirítear leis sin naisc dhíreacha le foinsí ísealcharbóin agus le líonraí iomlána ina gcomhlíonann an meánfhachtóir eangaí córais na caighdeáin thar thréimhse rollach 5 bliana.	Leis sin bítear in ann níos mó foinsí fuinnimh ísealcharbóin a chur ar fáil.	Sainmhínítear foinsí fuinnimh ísealcharbóin mar fhoinsí in-athnuaite nó nuair a bhíonn na hastaíochtaí GCT ón leictreachas a tháirgtear níos ísle ná an luach tairse de 100 gCO _{2e} /kWh arna thomhas ar bhonn saolré. <i>[Mar a luadh thuas agus inár bpáipéar do TEP, táimid toilteanach critéir incháilitheachta breise a phlé.]</i>	25 bliana. <i>[Le plé]</i>
AICME TIONSCADAIL C: Táirgeadh hidrigine glaine, tarchur agus dáileadh hidrigine agus stóráil hidrigine				
CINEÁL 1: Táirgeadh hidrigine glaine	Foirgníú agus oibriú saoráidí lena dtáirgtear hidrigin ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus/nó trealaimh chun hidrigin a tháirgeadh.	Hidrigin a tháirgeadh agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, is deis é sin chun astaíochtaí GCT a laghdú ina lán earnálacha, go háirithe earnáil an fhuinnimh, earnáil na monaraíochta agus earnáil an iompair.	Comhlíonann an mhonaraíocht astaíochtaí GCT saolré níos ísle ná 3 kg CO _{2e} in aghaidh an kg de H ₂ a tháirgtear. <i>[Ba cheart na caighdeáin a athbhreithniú go tráthrialta. D'fhéadfaí é sin a mharcáil mar chuid de chlásal ginearálta athbhreithniúcháin.]</i>	25 bliana. <i>[Le plé]</i>

<p>CINEÁL 2: Líonraí iompair hidrigine</p>	<p>Foirgniú agus oibriú líonraí tiomnaithe d'iompar hidrigine nó gáis ísealcharbóin eile (i.e. gáis ó fhoine in-athnuaite nó gáis a chomhlíonann an caighdeán le haghaidh táirgeadh hidrigine glaine).</p> <p>Cuspóir líonraí gáis nádúrtha a athrú chun díriú 100% ar hidrigin agus líonraí gáis nádúrtha a aisfheistiú chun go mbeifear in ann hidrigin agus gáis ísealcharbóin eile a chomhtháthú (is é sin an meascadh de hidrigin agus gáis ísealcharbóin eile sa chóras a mhéadú).</p>	<p>Hidrigin a tháirgeadh agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, is deis é sin chun astaíochtaí GCT a laghdú ina lán earnálacha, go háirithe earnáil an fhuinnimh, earnáil na monaraíochta agus earnáil an iompair.</p>	<p>San áireamh leis an ngníomhaíocht tá sceitheadh a bhrath agus píblinte gáis atá ann cheana agus gnéithe líonra eile a dheisiú chun sceitheadh meatáin a laghdú.</p>	<p>25 bliana. <i>[Le plé]</i></p>
<p>CINEÁL 3: Stóráil hidrigine</p>	<p>Foirgniú saoráidí stórála hidrigine, saoráidí stórála gáis atá ann cheana féin faoi thalamh a thiontú ina saoráidí stórála atá tiomnaithe do stóráil hidrigin agus oibriú saoráidí stórála hidrigine.</p>	<p>Hidrigin a tháirgeadh agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, is deis é sin chun astaíochtaí GCT a laghdú ina lán earnálacha, go háirithe earnáil an fhuinnimh, earnáil na monaraíochta agus earnáil an iompair.</p>	<p>I gcás tionscadail atá nasctha le hoibriú na saoráidí, ba cheart hidrigin a stóráil sa tsaoráid na caighdeáin maidir le táirgeadh hidrigine glaine atá san Fhoscríbhinn seo a chomhlíonadh.</p>	<p>25 bliana. <i>[Le plé]</i></p>
<p>AICME TIONSCADAIL H: Monaraíocht ísealcharbóin</p>				
<p>CINEÁL 1: Táirgeadh amóinia glaine</p>	<p>Monaraíocht ísealcharbóin amóinia ainhidriúla.</p>	<p>Chun táirgeadh amóinia glaine agus a húsáid ar bhealach a d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT i roinnt réimsí a chur chun cinn.</p>	<p>Táirgtear amóinia ó hidrigin ghlan a tháirgtear de réir na gcaighdeán a shainmhínítear san Fhoscríbhinn seo nó déantar í a aisghabháil ó dhramhuisce.</p>	<p>25 bliana. <i>[Le plé]</i></p>
<p>CINEÁL 2: Monaraíocht ísealcharbóin in earnálacha ar deacair astaíochtaí a mhaolú iontu (lena n-áirítear stroighin, iarann agus cruach, alúmanam)</p>	<p>Monaraíocht ísealcharbóin lena n-áirítear gléasraí iomlána monaraíochta agus cuid díobh, soláthairtí trealaimh agus bonneagar agus seirbhísí a bhfuil baint dhíreach acu leis.</p>	<p>Chun monaróirí a dhreasú le haistriú i dtreo cleachtas inbhuanaithe in earnálacha iar deacair astaíochtaí a mhaolú iontu.</p>	<p>Molann an tAontas go mbeadh na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe bunaithe ar luach tagartha le haghaidh suiteálacha monaraíochta ardleibhéil ar lú a n-astaíochtaí¹:</p> <p><u>Maidir le stroighin:</u></p> <p>a) Clincear stroighne liath i gcás ina bhfuil na hastaíochtaí GCT sonracha níos ísle ná 0,722 tCO₂e in aghaidh an tona de chlincear stroighne liath.</p> <p>b) Stroighin nó ceanglóir hidrálach eile, as clincear liath, i gcás ina bhfuil na hastaíochtaí GCT sonracha ó tháirgeadh an chlincear agus na stroighne nó an cheanglóra eile níos ísle ná 0,469 tCO₂e in aghaidh an tona stroighne nó ceanglóra</p>	<p>25 bliana. <i>[Le plé]</i></p>

¹ Tá na luachanna tagartha bunaithe ar thagarmarc Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (CTA) ina ndíorthaítear luachanna tagartha ar astaíochtaí GCT chun táirge ar leith a mhonarú ó mheándéiní astaíochtaí GCT as an 10 % de na suiteálacha is éifeachtúla ar fud an Aontais.

			<p>eile arna monarú.</p> <p><u>Maidir le hiarann agus cruach:</u></p> <p>a) Iarann agus cruach i gcás nach mó na hastaíochtaí GCT, á laghdú le méid na n-astaíochtaí arna sannadh do tháirgeadh dramhghás ná na luachanna seo a leanas arna gcur i bhfeidhm ar na céimeanna difriúla sa phróiseas monaraíochta:</p> <ol style="list-style-type: none"> miotal te = 1,331 tCO₂e/t den táirge; mian shintéaraithe = 0,163 tCO₂e/t den táirge; cóc (gan cóc ligníte san áireamh) = 0,144 tCO₂e/t den táirge; teilgean iarainn = 0,299 tCO₂e/t den táirge; stuafoirméis leictreach (EAF) cruach chóimhiotail = 0,266 tCO₂e/t den táirge; stuafoirméis leictreach (EAF) cruach charbóin = 0,209 tCO₂e/t den táirge. <p>b) Cruach i stuafoirméisí leictreacha (EAFanna) lena dtáirgtear cruach charbóin EAF nó cruach ard-chóimhiotail EAF, agus i gcás nach bhfuil an t-ionchur dramh-chruaiche i gcoibhneas leis an aschur táirge níos ísle ná 70 % le haghaidh cruach ard-chóimhiotail a tháirgeadh agus 90 % le haghaidh cruach charbóin a tháirgeadh.</p> <p><u>Maidir le halúmanam:</u></p> <p>a) Alúmanam príomhúil i gcás ina gcomhlíonann an ghníomhaíocht eacnamaíoch na critéir seo a leanas:</p> <ol style="list-style-type: none"> ní sháraíonn na hastaíochtaí GCT 1,484 tCO₂e in aghaidh an tonna d'alúmanam arna mhonarú. Ní sháraíonn meándéine carbóin na n-astaíochtaí GCT indíreacha 100 g CO₂e/kWh c. Ní mó an tomhaltas leictreachais le haghaidh an phróisis monaraíochta 15,5 MWh/t Al. <p>b) Alúmanam tánaisteach.</p> <p><i>[Ba cheart na caighdeáin a athbhreithniú go tráthrialta. D'fhéadfaí é sin a mharcáil mar chuid de chlásal ginearálta athbhreithniúcháin.]</i></p>	
AICME TIONSCADAIL I: Iompar saor ó astaíochtaí agus astaíochtaí agus ísle				
CINEÁL 1:	Flíteanna saor ó astaíochtaí díreacha lena n-áirítear feithiclí le haghaidh	Tá sé rithábhachtach	Ní bhaineann aon astaíochtaí díreacha	25 bliana.

<p>Iompar saor ó astaíochtaí agus bonneagar cumasúcháin</p>	<p>iompar de bhóthar, d'iamróid agus ar uisce agus bonneagar gaolmhar² atá fíor-riachtanach chun feithiclí den sórt sin a oibriú.</p>	<p>aistriú go dtí flíteanna atá saor ó astaíochtaí díreacha sceithphíopa agus a bhfuil astaíochtaí díreacha sceithphíopa ísle acu chun maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach.</p>	<p>sceithphíopa CO2 le sócmhainní a aistriú.</p> <p>I gcás iompar lastais, ní thiomnaítear feithiclí, traenacha, vaiginí ná soithí do bhreoslaí iontaise a iompar agus ní thiomnaítear bonneagar do bhreoslaí iontaise a iompar ná a stóráil.</p>	<p>[Le plé]</p>
<p>CINEÁL 2: Iompar uisce astaíochtaí ísle</p>	<p>Soithí uisce astaíochtaí ísle.</p>	<p>Tá sé rithábhachtach aistriú go dtí flíteanna atá saor ó astaíochtaí díreacha sceithphíopa agus a bhfuil astaíochtaí díreacha sceithphíopa ísle acu chun maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach.</p>	<p><u>Maidir le hiompar intire ar uisce do phaisinéirí:</u> Díorthaíonn soithí hibrídeacha agus soithí débheosla 50 % ar a laghad dá gcuid fuinnimh ó bhreoslaí nó ó chumhacht inluchtaithe atá saor ó astaíochtaí díreacha (sceithphíopa) CO2 dá ngnáthoibríocht.</p> <p><u>Maidir le hiompar lastais intire:</u> Tá astaíochtaí díreacha (sceithphíopa) CO2 in aghaidh an chiliméadair tona ag na soithí, arna ríomh (nó arna meas i gcás soithí nua) agus an Táscaire Oibríochtúil Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOI) á úsáid, atá 50 % níos ísle ná an meánluach tagartha le haghaidh astaíochtaí CO2 d'fheithiclí tromshaothair bunaithe ar chaighdeán a aithnítear go hidirnáisiúnta nó ar aon chaighdeán eile a aithnítear.</p> <p><u>Maidir le hiompar lastais agus iompar do phaisinéirí ar muir agus ar uisce cósta, chomh maith le haghaidh oibríochtaí calafoirt, gníomhaíochtaí cúntacha agus oibríochtaí speisialaithe:</u> Díorthaíonn soithí hibrídeacha agus débheosla 25 % ar a laghad dá gcuid fuinnimh ó bhreoslaí nó ó chumhacht inluchtaithe atá saor ó astaíochtaí díreacha (sceithphíopa) CO2 dá ngnáthoibríocht ar muir agus i gcalafoirt. Mar mhalairt air sin, tá luach Innéacs Éifeachtúlachta Fuinnimh Dearaidh IMO (EEDI) bainte amach ag na soithí, luach atá 10 % faoi bhun na gceanglas EEDI is infheidhme más rud é gur féidir leis na soithí oibriú ar bhreoslaí atá saor ó astaíochtaí CO2 díreacha (sceithphíopa) nó ar bhreoslaí ó fhoinsí in-athnuaithe.</p> <p><u>Aistriú modha ón mbóthar go dtí an uisce a chumasú:</u> Má úsáidtear na soithí go heisiach chun seirbhísí cósta agus seirbhísí gairide ar muir a oibriú, seirbhísí atá ceaptha chun aistriú córa iompair lastais a chumasú a dhéantar a iompar faoi láthair ar talamh go muir, is leor go mbeadh na hastaíochtaí díreacha (sceithphíopa) CO2 atá ag na soithí, arna ríomh agus EEDI</p>	<p>25 bliana. [Le plé]</p>

²

Áirítear leis sin: Maidir le hiompar de bhóthar: suiteálacha luchtaithe leictreachais agus suiteálacha athbhreoslaithe hidrigine a fhoirgníú, a nuachóiriú, a chothabháil agus a oibriú. Maidir le hiompar d'iamróid: sócmhainní bonneagair iompair a cheanglaítear de rianta mar a shainmhínítear sa RSU, chomh maith le bonneagar leictirthe taobh riain agus fochórais ghaolmhara, leictirí bonneagair atá ann cheana agus suiteálacha tiomnaithe chun aistriú ó mhodhanna eile iompair go dtí iompar d'iamróid atá saor ó astaíochtaí díreacha. Maidir le hiompar ar uisce: luchtú leictreach agus athbhreoslú hidrigin-bhunaithe, bonneagar tiomnaithe do chumhacht leictreach cois cladaigh a sholáthar do shoithí atá feistithe le balla, d'fheidhmíocht oibríochtaí an chalafoirt féin atá saor ó astaíochtaí díreacha agus suiteálacha chun aistriú ó mhodh eile go dtí soithí atá saor ó astaíochtaí díreacha.

			<p>IMO á úsáid, 50 % níos ísle ná luach na n-astaíochtaí meán-tagartha CO2 a shainmhíneáir d'fheithiclí tromshaothair bunaithe ar chaighdeán a aithnítear go hidimáisiúnta nó ar aon chaighdeán eile a aithnítear.</p> <p><i>[Molaimid go ndéanfaí an cineál tionscadail seo a athbhreithniú in 2025. D'fhéadfaí é sin a mharcáil mar chuid de chlásal ginearálta athbhreithniúcháin.]</i></p>	
<p>CINEÁL 3: Aisfheistiú agus uasghráduithe le haghaidh iompar ar uisce</p>	<p>Soithí a aisfheistiú agus a uasghrádú chun astaíochtaí a laghdú.</p>	<p>Tá sé rithábhachtach aistriú go dtí flíteanna atá saor ó astaíochtaí díreacha sceithphíopa agus a bhfuil astaíochtaí díreacha sceithphíopa ísle acu chun maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach.</p>	<p>Laghdaítear tomhaltas breosla an tsoithigh faoi 10 % ar a laghad, arna chur in iúl i lítear breosla in aghaidh an chiliméadair tona agus léirítear é sin go soiléir le ríomh comparáideach. Ní thiomnaítear soithí aisfheistithe do bhreoslaí iontaise a iompar.</p> <p><i>[Molaimid go ndéanfaí an cineál tionscadail seo a athbhreithniú in 2025. D'fhéadfaí é sin a mharcáil mar chuid de chlásal ginearálta athbhreithniúcháin.]</i></p>	<p>25 bliana. <i>[Le plé]</i></p>
<p>CINEÁL 4: Bonneagar aerfoirt ísealcharbóin</p>	<p>Bonneagar aerfoirt ísealcharbóin a fhoirgníú, a nuachóiriú, a chothabháil agus a oibriú, is é sin bonneagar atá tiomnaithe d'aerárthaí atá saor ó astaíochtaí sceithphíopa CO2, do chumhacht leictreach talún fosaithe agus aer réamhchóirithe a sholáthar d'aerárthaí atá ina stad nó d'fheidhmíocht saor ó astaíochtaí díreacha oibríochtaí an aerfoirt féin.</p>	<p>Tá sé rithábhachtach aistriú go dtí flíteanna atá saor ó astaíochtaí díreacha sceithphíopa agus a bhfuil astaíochtaí díreacha sceithphíopa ísle acu chun maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach.</p>	<p>Níl caighdeán ar bith ann. Ní bhaineann le hábhar.</p>	<p>25 bliana. <i>[Le plé]</i></p>